C/2024/5179

21.8.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11686 – BAOSTEEL / BAOWU ALUMINUM / KOBELCO / KOBELCO BAO AUTOMOTIVE ALUMINIUM ROLLED PRODUCTS JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/5179)

1. An 9 Lúnasa 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Baoshan Iron & Steel Co., Ltd. ('Baosteel'), an tSín, faoi rialú China Baowu Steel Group Co., Ltd. ('Baowu Parent'), an tSín,

— Baowu Aluminum Technology Co., Ltd. ('Baowu Aluminum'), an tSín, faoi rialú Baowu Parent, an tSín,

— Kobelco (an tSín) Holding Co., Ltd. ('Kobelco'), an tSín, faoi rialú Kobe Steel, Ltd., an tSeapáin, agus,

— Comhfhiontar nuachruthaithe Kobelco Baosteel Automotive Aluminium Rolled Products Co., Ltd. ('an comhfhiontar', tá an t-ainm sealadach), an tSín.

Gheobhaidh Baosteel, Baowu Aluminum agus Kobelco rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1), pointe (b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar an gcomhfhiontar.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— I gcás Baosteel: monaraíocht, próiseáil agus dáileadh cruach, teicneolaíocht faisnéise, an tionscal carbóin agus gnó airgeadais,

— i gcás Baowu Aluminum: táirgeadh, díolachán agus taighde agus forbairt leathán alúmanaim agus táirgí scragaill ardfheidhmíochta ard-chóimhiotail agus táirgí alúmanaim agus táirgí cóimhiotail alúmanaim domhainphróiseála eile,

— i gcás Kobelco: infheistíocht sa tSín, seirbhísí a sholáthar d'eintitis áitiúla Kobe Group sa tSín agus oibríochtaí ceannaigh, díolacháin, allmhairithe agus onnmhairithe.

3. Is iad seo a leanas na gníomhaíochtaí gnó a bheidh ag an gcomhfhiontar: beidh an comhfhiontar gníomhach sa tSín i monarú agus i ndíol leatháin cothromrollta alúmanaim gluaisteáin, ar táirge alúmanaim ardchruinnis é a úsáidtear chun páirteanna leatháin a mhonarú (lena n-áirítear leatháin sheachtracha, inmheánacha agus treisithe) do chabhlacha gluaisteán.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11686 – BAOSTEEL / BAOWU ALUMINUM / KOBELCO / KOBELCO BAO AUTOMOTIVE ALUMINIUM ROLLED PRODUCTS JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË